# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Oideachas Reiligiúnach

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**
Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, i measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, ar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**
Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Réamhrá Ginearálta**
Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Gnáthleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh. Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.

Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais. Níl na tuairiscí ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach. Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

## AONAD A hAON

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

### CEIST 1. CUARDACH NA BRÍ

**Freagair a) agus b).**

**1 A 1 a) Déan próifíliú ar an tslí a bhféadfadh rud a tharlaíonn sa saol tabhairt ar dhuine ceisteanna a chur faoi bhrí na beatha. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chuardach bhrí na beatha ach an chaoi a bhféadfadh rud a tharlaíonn sa saol tabhairt ar dhuine ceisteanna a chur faoi bhrí na beatha, a rianú go cruinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Eispéireas na fulaingthe – ceisteanna a chur faoin bhfáth a mbíonn roinnt daoine ag fulaingt; e.g. An bhfuil cuspóir ar bith leis an bhfulaingt? etc.
- Eispéireas an bháis/na breithe etc. – ceisteanna a chur faoin gcreideamh i mbeatha tar éis bháis; e.g. Cad ba cheart a bheith tábhachtach sa saol? etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**1 A 1 b) Scrúdaigh an chaoi ar léiríodh eochaircheist faoi bhrí na beatha i miotas a chruthaigh daoine a mhair sa chianaimsir. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chuardach bhrí na beatha ach súil ghéar a chaitheamh ar an gcaoi a léiríonn miotas amháin ó chultúr ársa eochaircheist faoi bhrí na beatha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Eipic Gilgamesh, e.g. ceisteanna faoin bhfulaingt agus faoin mbás etc.
- Miotas Chlann Lir, e.g. ceisteanna faoin ngrá agus faoin teaghlach etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**CEIST 2. FREAGAIRT AR CHUARDACH NA BRÍ**

**Freagair a) agus b).**

**1 A 2 a)** ***Samhlaigh go raibh Platón beo inniu agus é ag scríobh faoi nádúr na réaltachta.*** **Bunaithe ar a bhfuil ar eolas agat faoi smaointe Phlatóin, tabhair breac-chuntas ar phointe amháin, dar leat, a chuirfeadh sé i láthair mhuintir an lae inniu faoi nádúr na réaltachta.** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar smaoineamh fealsúnach na Sean-Ghréige ach eolas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a mbaineann ceann amháin de smaointe Phlatóin faoi nádúr na réaltachta le muintir an lae inniu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Smaoineamh Phlatóin go raibh dhá shaol os comhair daoine ag an aon am amháin, i.e. saol na gcéadfaí agus saol na smaointe gan athrú etc.
- Smaoineamh Phlatóin go mbíonn an domhan fisiceach agus gach ní a airítear trí na céadfaí ag síorathrú agus go bhfuil an fhíor-réaltacht neamhiontaofa i bhfearann na smaointe; cuardach na réaltachta seachas cuardach na cosúlachta, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**1 A 2 b)** ***Léirítear léirmhínithe reiligiúnacha d'eispéireas an duine ar bhealaí éagsúla*****.** **Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a léirítear creideamh reiligiúnach i gceann amháin de na slite seo a leanas le heispéireas an duine a léirmhíniú:**
**● AN AEISTÉITIÚLACHT ● AN NAOFACHT ● AN FHILEATACHT** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar léirmhíniú reiligiúnach d'eispéireas an duine ach eolas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a léiríonn ceann amháin de na bealaí chun breathnú ar an saol a liostaítear sa cheist creideamh reiligiúnach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Aeistéitiúlacht / An Fhileatacht – eispéireas ar 'dhul thar' ghnátheispéiris an tsaoil trí dhul i ngleic le litríocht, ceol nó ealaín; d'fhéadfadh sé go dtugann áilleacht/neart an dúlra le tuiscint go bhfuil Dia ann, e.g. léirítear creideamh reiligiúnach tríd an gceol sna Sailm; an ealaín i Leabhar Cheanannais, etc.
- An Naofacht – léirmhínítear go bhfuil eispéiris an tsaoil naofa/gur teagmhálacha leis an diagaire iad; féadfaidh eispéiris ar an deasghnáth agus ar an urnaí creideamh reiligiúnach a léiriú trí ghothaí agus gníomhartha siombalacha, etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**CEIST 3. COINCHEAP AN FHOILSITHE**

**Freagair a) agus b).**

**1 A 3 a) Déan cur síos ar cad is brí leis an téarma 'foilsiú ó Dhia' i mór-reiligiún domhanda amháin a bhfuil staidéar déanta agat air. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcoincheap, 'foilsiú ó Dhia', i mór-reiligiún domhanda ach cuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear nádúr Dé/déithe/an diagaire in iúl i mór-reiligiún domhanda.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Búdachas – Tugtar urraim i roinnt traidisiún do Bhúdaí agus do Bodhisattvas mar shamhail de cháilíochtaí spioradálta síoraí; creideann daoine eile, ós rud é nach bhfuil Dia ar bith ann, nach féidir ach féinfhíorú nó léargas a bheith ann seachas foilsiú ó Dhia, etc.
- An Chríostaíocht – foilsítear Dia ar bhealaí éagsúla, e.g. scrioptúir; tuigtear gurb é saol, bás agus aiséirí Íosa buaicphointe an fhoilsithe ó Dhia, etc.
- An Hiondúchas – tuigtear go bhfuil na déithe mar ioncholluithe difriúla Bhrámain; tuigtear go bhfuil an diagaire i láthair ar fud chruthú an domhain; foilsítear Bráman trí na Véidí, etc.
- An tIoslamachas – tuigtear gurb é an Córán foilsiú Allah le Mahamad tríd an aingeal Gaibriéil; creideann lucht leanúna an Ioslamachais go bhfuil briathar Allah féin sa Chórán, etc.
- An Giúdachas – tuigtear Dia a bheith á fhoilsiú trí chruthú an domhain agus trí eispéireas an duine ar fud na staire; tá ról ríthábhachtach ag na fáithe chun toil Dé a fhoilsiú, etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**1 A 3 b) Tabhair sampla amháin den chaoi a mbíonn tionchar ag an tuiscint ar 'foilsiú ó Dhia' i mór-reiligiún domhanda amháin ar chleachtas reiligiúnach a chuid ball. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar fhoilsiú ó Dhia ach eolas cruinn a thabhairt faoin gcaoi a mbíonn tionchar ag an tuiscint ar fhoilsiú ó Dhia i mór-reiligiún domhanda ar cleachtas reiligiúnach amháin.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Chríostaíocht — is dóigheanna chun onóir a thabhairt don mhéid atá á fhoilsiú iad léamh an Bhíobla agus pógadh na Soiscéal, etc.
- An Hiondúchas — tá tionchar ag an gcreideamh go bhfuil gach ceann de na déithe ina léiriú ar Bhráman ar adhradh déithe Hiondúcha, etc.
- An tIoslamachas — cuirtear an tuiscint gurb é toil Allah atá foilsithe in iúl ach cloí le teagasc an Chóráin etc.
- An Giúdachas — léiríonn ceiliúradh Cháisc na nGiúdach an creideamh gur éirigh Dia gníomhach i saol na nGiúdach agus go bhfuil sé fós ann, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

## AONAD A DÓ

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA**

**Freagair a), b) agus c).**

**2 B a) Tabhair breac-chuntas ar dhá phríomhthréith de chuid Ríocht Dé ar leag Íosa béim orthu.** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar theagasc Íosa ach eolas cruinn a thabhairt ar dhá phríomhthréith de chuid Ríocht Dé ar leag Íosa béim orthu ina sheanmóireacht.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Leag Íosa béim ar an gcuimsiú mar an rogha eile in ionad teacht chun cinn scothaicmí mar thréith de chuid Ríocht Dé, e.g. i bparabal an tSamáraigh Mhaith is é an Samárach, ní an Sagart ná an Léivíteach, a dhéanann gníomh eiseamláireach, etc.
- Theagasc Íosa gur thréith de chuid Ríocht Dé é maoin a roinnt seachas stór a chruinniú, e.g. stiúir an cuibhreannas Zaccheaus chun aon airgead a thóg sé go héagórach a thabhairt ar ais agus chun leath a mhaoine a thabhairt do na boicht, etc.
- Etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 > 2 > 1 | 10 Mx2 |

**2 B b) Scrúdaigh an tionchar a bhí ag aiséirí Íosa ar an mbraistint phobail a bhí ag na chéad Chríostaithe.** **30M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an gCríostaíocht ach breathnú go géar ag an tionchar a bhí ag aiséirí Íosa ar an mbraistint phobail a bhí ag na chéad Chríostaithe.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Feasacht nua ar a riachtanas chun teacht le chéile go rialta le haghaidh urnaí agus 'bhriseadh an aráin' mar a d'iarr Íosa orthu a dhéanamh ag an Suipéar Déanach, etc.
- Feasacht nua ar a thábhachtaí a bhí sé a raibh acu a roinnt lena chéile agus a chinntiú nach raibh aon duine sa phobal i ngátar, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

**2 B c) i. Mínigh an chaoi ar tharla gur bunaíodh ceann amháin de na chéad phobail Chríostaí in áit lasmuigh den Phalaistín.** **15M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an gCríostaíocht ach cuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi ar tharla gur bunaíodh luathphobal Críostaí in áit lasmuigh den Phalaistín.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Choraint – bhunaigh Pól an pobal Críostaí seo ar a dhara turas misinéireachta sa bhliain 51 CR; ba chalafort agus príomhionad na hAcháia í, ar phroibhinse Rómhánach í a mheall mórán cultúir agus traidisiúin dhifriúla; bhí geilleagar faoi rath inti mar gheall ar mhéid na trádála agus ar líon na dtaistealaithe a bhíodh ag trasnú ón Oirthear agus ón Iarthar, etc.
- Filipe — bhunaigh Pól an chéad phobal Críostaí Eorpach anseo; ba chathair í sa phroibhinse Rómhánach, an Mhacadóin, in oirthuaisceart na Gréige. Gréagaigh, Macadónaigh agus dornán Giúdach a chónaigh inti, etc.
- Teasaloinicé – bhunaigh Pól an áit seo le linn a dhara turas misinéireachta i bproibhinse Rómhánach na Macadóine; mheall sí an uile chultúr chuici; cathair thábhachtach ba ea í ó thaobh na heacnamaíochta, na tráchtála agus na polaitíochta de, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15M |

**2 B c) ii. Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar thug na chéad Chríostaithe san áit sin (a ndearna tú tagairt di i gcuid c)i. thuas) aghaidh ar fhadhb ar bith a bhí rompu nuair a bhí a bpobal á bhunú acu.** **15M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an gCríostaíocht ach eolas cruinn a thabhairt faoin gcaoi ar thug Chríostaithe san áit sin dá dtagraítear i g*cuid c)i.* den cheist aghaidh ar fhadhb ar bith a bhí rompu nuair a bhí a bpobal á bhunú acu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Choraint – chuir mímhoráltacht ghnéasach, tionóil chlampracha agus déithe bréige aontacht na heaglaise i mbaol, etc. Thug Pól aghaidh ar an bhfadhb sin trí bhéim a leagan ar thosaíocht an ghrá mar an saol barántúil i gCríost agus an eaglais mar aon chorp amháin Chríost, etc.
- Filipe – chuir a gcomhshaoránaigh in aghaidh an phobail cuid mhór, d'iarr Pól orthu a bheith mar 'chlann Dé gan smál i measc glúin cham urchóideach'; easaontas inmheánach, leithleas agus bród eatarthu féin ba chúis le fadhbanna eile; mhol Pól modh maireachtála Íosa féin mar shamhail dóibh, etc.
- Teasaloinicé – maireachtáil i dtimpeallacht naimhdeach inar chruthaigh mórán daoine nár Chríostaithe iad ba chúis le deacrachtaí don phobal; bhí easpa dóchais acu de bharr gur cailleadh roinnt dá mbaill; bhí míthuiscint éigin faoi chinniúint iad sin a bhí tar éis bás a fháil, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15 > 13 | 12 > 11 | 10 > 9 | 8 > 6 | 5 > 4 | 3 > 2 | 1 > 0 | 15M |

## ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a), b) agus c).**

**2 C a) Mínigh an chaoi a bhféadann dialóg idirchreidmheach ról a imirt agus cás coinbhleachta á réiteach. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an dialóg idirchreidmheach ach cuntas cruinn a thabhairt ar na cúiseanna a bhféadfadh dialóg idirchreidmheach difriúla ról a imirt agus cás coinbhleachta á réiteach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Féadfaidh plé nó malartú smaointe idir daoine ag a bhfuil tuairimí difriúla reiligiúnacha a bheith ina gcuidiú agus coinbhleacht á réiteach e.g. chuidigh dialóg idirchreidmheach le baill an Ioslamachais agus an Hiondúchais sa Chaismír caoinfhulaingt a thaispeáint agus deireadh a chur le coinbhleacht, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 C b) Tabhair breac-chuntas ar an mbunús atá leis an dialóg idirchreidmheach idir dhá cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas:**
**◆ AN BÚDACHAS ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN HIONDÚCHAS**
**◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS 30M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an dialóg idirchreidmheach ach eolas cruinn a thabhairt ar an mbunús atá leis an dialóg idir dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is féidir dialóg idirchreidmheach a rianú siar go heachtraí stairiúla e.g. bhí cainteoirí ón mBúdachas/ón gCríostaíocht/ón Hiondúchas/ón Ioslamachas/ón nGiúdachas ag an gcéad ócáid de Pharlaimint Dhomhanda na Reiligiún in Chicago in 1893, etc.
- Féadfaidh dialóg idirchreidmheach teacht as tionscnamh daoine áirithe, e.g. léiríodh Gandhi ómós do théacsanna diaga na dtraidisiún eile creidimh agus luadh sé sleachta astu; rinne an Pápa Eoin Pól II tagairt sa bhliain 1985 do Chaitlicigh agus do lucht leanta an Ioslamachais mar 'deartháireacha agus deirfiúracha i gcreideamh Abrahám'; sa bhliain 1986 dúirt sé go raibh na Giúdaigh mar 'ár gcuid bráithre móra ionúine', etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

**2 C c) Déan próifíliú ar bhunús agus ar phríomhchleachtais reiligiúnacha ceann amháin díobh seo thíos:**

**❖ REILIGIÚN TRAIDISIÚNTA AFRACACH**
**❖ REILIGIÚN SÍNEACH**
**❖ GLUAISEACHT NUA REILIGIÚNACH**
**❖ AN CREIDEAMH BAHA'I**
**❖ REILIGIÚN SUÍCEACH** **30M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar reiligiún/ar ghluaiseacht nua reiligiúnach ach bunús agus príomhchleachtas reiligiúin nó gluaiseachta nua reiligiúnaí a rianú go cruinn a liostaítear sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Reiligiún Traidisiúnta Afracach: Bunús – is gnách go bhfágtar creideamh agus cleachtais mar oidhreacht tríd an mbéaloideas; seanmhiotais, etc. Cleachtas Reiligiúnach – ofrálacha a thabhairt agus labhairt le Dia/déithe trí urnaí, gairm, deasghnáth, damhsa nó canadh; baintear leas as draíocht mar chosaint in éadan drochspiorad, etc.
- Gluaiseacht Nua Reiligiúnach: grúpa creidimh; rogha eile in ionad reiligiún institiúide oifigiúil; tugtar fís reiligiúnach den domhan agus freagraítear do bhuncheisteanna an tsaoil e.g. an Cumann Idirnáisiúnta um Chomhfhios Krishna (ISKCON) Bunús – cuireadh tús leis sin sa bhliain 1944 tar éis do Bhaktivedanta Swami Prabhupada a chuid smaointe reiligiúnacha a chur i gcló; bhunaigh sé ISKCON i 1968; tá a chuid teagaisc bunaithe ar théacs diaga agus ar fhealsúnacht Hiondúch, etc. Cleachtas Reiligiúnach – téann na baill isteach i dteaghlach nua agus féadfaidh siad cónaí i dteach nó i dteampall ISKCON; cloíonn na baill le diandlíthe bia agus caitheann siad a saol le Krishna agus ag mealladh daoine eile chun a sheirbhíse etc.
- An Creideamh Baha'i: Bunaíodh an reiligiún seo sa bhliain 1844 agus ba é an Siach Ali Muhammad an chéad cheannaire reiligiúnach air; thóg Mirza Hoseyn'Ali Nuri an teideal 'Bahá'u'lláh' agus d'fhógair sé in 1863 gurbh eisean an Duine a Thogh Dia, etc. Cleachtas Reiligiúnach – déanann na baill staidéar ar gach téacs reiligiúnach lena fháil amach cén chaoi a bhfíoraíonn Bahá'u'lláh tairngreachtaí a rinneadh ní ba luaithe; meastar go bhfuil obair a dtugtar faoi i bpáirt seirbhíse do Dhia agus na daonnachta ina gníomh adhartha; tá urnaí laethúil ina dualgas, etc.
- Reiligiún na Síne e.g. is féidir bunús an Chonfúiceachais a rianú siar go Confúicias (551-479 CR), ar mhúinteoir é a bhunaigh scoil fealsúnachta; scríobhadh síos a chuid briathra go gairid i ndiaidh dó bás a fháil etc. Cleachtais Reiligiúnacha – bheith aireach ar thoil Dé; saol dílis a caitheamh, tá dílseacht don teaghlach agus don stát lárnach i gConfúiceachas etc.
- Reiligiún Suíceach: Bunús – An India sa 16ú haois CR; faoi thionchar an Hiondúchais agus an Ioslamachais araon; ba é Gúrú Nanek an chéad ghúrú ar chruthaigh a theagasc an reiligiún Suíceach; Cleachtais Reiligiúnacha – is iad na trí dhualgas Dia a thabhairt chun cuimhneamh, oibriú go hionraic, carthanas a thaispeáint; gach maidin, níonn Suícigh agus déanann siad machnamh gach maidin; guíonn siad roimh thráthnóna; creideann Suícigh go dtreoraíonn na scrioptúir bheannaithe iad trína saoil; féadfaidh aon Suíceach ar a bhfuil oideachas cuí an pobal a threorú in adhradh sa teampall, etc.

*Tabhair ar aird*: Ceadaigh córas creidimh áirithe amháin más sampla ar leith atá ann de na reiligiúin bheo eile arna liostú sa cheist.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

## ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**Freagair a), b) agus c).**

**2 D a) Déan cur síos ar cad is brí le dhá cheann de na téarmaí seo a leanas maidir le cinneadh morálta a dhéanamh:**
**● DÍMHORÁLTA ● MÍMHORÁLTA ● ANABAÍOCHT MHORÁLTA** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar cinneadh morálta a dhéanamh trí chuntas cruinn a thabhairt ar bhrí dhá théarma atá liostaithe sa cheist i ndáil le cinneadh morálta a dhéanamh.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Dímhorálta — gan aon mheas/tuiscint ar cheart nó mícheart a bhreith óna chéile agus cinneadh á dhéanamh etc.
- Mímhorálta — tuiscint ar cheart agus mhícheart ach go ndéantar cinneadh an rud a bhfuil a fhios aige/aici atá mícheart a dhéanamh etc.
- Anabaíocht mhorálta — níor forbraíodh moráltacht duine go fóill ar chúiseanna sóisialta nó pearsanta; is féidir bheith claonta e.g. d'fhéadfadh sé nach bhfuil meas acu ar mhaoin daoine eile agus go gceapann siad go bhfuil goid inghlactha etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10Mx2 |

**2 D b) Pléigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin díobh seo a leanas ar fhás an duine i dtreo na haibíochta morálta:**
**● CULTÚR ● NA MEÁIN ● REILIGIÚN** **30M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar aibíocht mhorálta trí scrúdú a dhéanamh ar cheann de na tosca atá liostaithe sa cheist agus trí chonclúidí cruinne a chur i dtoll a chéile maidir lena thionchar ar fhorbairt duine atá aibí go morálta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is féidir leis an rud a chuirtear i láthair amhail a bheith tábhachtach tionchar bheith aige ar thuairim duine faoina bhfuil ceart e.g. tá luachanna duine bunaithe ar dhaoine eile a shásamh etc.
- Trí iompar feicthe/foghlamtha – d'fhéadfadh sampla daoine eile an duine a spreagadh le smaoineamh ar na hiarmhairtí ar dhaoine eile agus breith á dhéanamh idir ceart agus mícheart etc.
- Cultúr/Reiligiún/na Meáin – d'fhéadfaidís eolas a thabhairt do dhuine maidir le hiarmhairtí gníomhartha a bhféadfadh tionchar bheith acu ar dhuine agus cinneadh á dhéanamh faoin rud atá ceart nó mícheart i gcás ar leith etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

**2 D c) Mínigh an chaoi a bhfuil cliseadh morálta i gceist i sampla amháin den éagóir struchtúrach a ndearna tú staidéar air. 30M**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar theip mhorálta trí chuntas cruinn a thabhairt ar an mbealach a fheictear easpa gníomhaíochta ar bhealach morálta maith i sampla amháin den chaoi a eagraítear sochaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- I gcás go dtacaíonn struchtúir eagraithe oifigiúla i sochaí le rud éigin a bhfuil a fhios againn a bheith mícheart e.g. ciníochas etc.
- Sochaí nach bhfuil ag gníomhú ar dhóigh ina gcaitear le gach duine go cothrom mar gheall ar chlaontacht nó idirdhealú e.g. an córas apartheid san Afraic Theas mar nár tugadh cearta daonna do chách etc.
- Féadann dúshaothrú daoine a bheith ina thoradh ar an gcliseadh morálta as a dtagann saint i sochaí agus d'fhéadfaí go bhfuil baint ag struchtúir oifigiúla leis e.g. sclábhaíocht, fostú páistí, etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:* Tugann an t-iarrthóir breac-chuntas ar shampla amháin den chaoi a bhfuil olc le feiceáil i rud eile seachas san éagóir laistigh de na struchtúir oifigiúla eagraithe de shochaí – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 30 > 26 | 25 > 21 | 20 > 17 | 16 > 12 | 11 > 8 | 7 > 3 | 2 > 0 | 30M |

## AONAD A TRÍ

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

## ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

**Freagair a) agus b).**

**3 E a) Mínigh an chaoi ar chuir ceann amháin acu seo a leanas leis an tuiscint ar chúrsaí inscne i sochaí an lae inniu: ● AN BHITHEOLAÍOCHT ● AN FHEALSÚNACHT ● AN tSÍCEOLAÍOCHT ● AN tSOCHEOLAÍOCHT 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chúrsaí inscne trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi ar chuir ceann den dá dhisciplín atá liostaithe sa cheist le tuiscint ar chúrsaí inscne i sochaí an lae inniu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- An Bhitheolaíocht – cuireann difríochtaí idir fir agus mná i.e. géinte agus crómasóim; gnéasfhaireoga; gnéas-hormóin, etc., in iúl go mbíonn difríochtaí gnéis soiléir i ndiaidh breithe agus sular féidir le sóisialú tionchar suntasach ar bith a imirt etc.
- An Fhealsúnacht – Agus an cheist 'cad is brí le bheith daonna?' á freagairt déantar breithniú san fhealsúnacht ar an mbrí le bheith baineann nó fireann etc.
- An tSíceolaíocht – mar gheall ar thástáil síceolaíochta aimsíodh ceithre dhifríocht ar a laghad idir na hinscní i.e. briathartha; matamaiticiúil; cumais amhairc-spásúla; forrántacht; etc.
- An tSocheolaíocht – léirítear i dtaighde go n-imríonn an timpeallacht ina bhfoghlaimíonn daoine conas idirbheartaíocht le daoine eile tionchar orthu; bíonn tionchar ag comhthéacsanna sóisialta ar róil inscne etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 E b) ● BUNAITHEOIRÍ & LEASAITHEOIRÍ NA nORD RIALTA**
**● SCRÍBHNEOIRÍ REILIGIÚNACHA ● LEASAITHEOIRÍ SÓISIALTA**
**● SMAOINTEOIRÍ SPIORADÁLTA**
**Roghnaigh bean amháin i gceann ar bith de na catagóirí thuas agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar chuir sí le traidisiún reiligiúnach.**
**Bain úsáid as gach ceann de na ceannteidil seo a leanas:**

**i. Tionchar a saoil agus a cuid oibre ar mhuintir a linne. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra sármhaith tuiscint ar an méid a chuir bean le forbairt an traidisiúin reiligiúnaigh trí eolas cruinn a leagan amach ar an gcaoi ar chuidigh saol agus saothar mná, ó cheann ar bith de na catagóirí atá liostaithe sa cheist, le muintir a linne.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Bunaitheoirí na nOrd Rialta e.g. Chuidigh saol agus obair Nano Nagle le daoine bochta a linne a bhí ag lorg oideachais sa mhéid is gur oscail sí scoileanna in Éirinn agus gur bhunaigh sí ord rialta a lean ar aghaidh lena cuid oibre ar fud an domhain etc.

- Scríbhneoirí Reiligiúnacha e.g. Chuidigh scríbhneoireacht Joyce Rupp ar an urnaí le muintir a linne féin ina dturas chun spioradáltacht níos doimhne a bhaint amach etc.
- Leasaitheoirí Sóisialta e.g. Do Dorothy Day, bhí Dia mar chroílár a saoil agus a cuid oibre i gcónaí mar a mhair sí aisti féin leis na boicht agus bhunaigh sí ionaid chónaithe etc.
- Smaointeoirí Spioradálta e.g. Thug Naomh Caitríona de Siena aire do dhaoine breoite agus d'oibrigh sí chun peacaigh a thiontú; spreag sí muintir a linne le smaoineamh faoi Dhia ar bhealach rúndiamhair trí theanga an ghrá a úsáid le labhairt maidir le dlúthaíocht le Dia etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**3 E b)** ● **BUNAITHEOIRÍ & LEASAITHEOIRÍ NA nORD RIALTA**
● **SCRÍBHNEOIRÍ REILIGIÚNACHA** ● **LEASAITHEOIRÍ SÓISIALTA**
● **SMAOINTEOIRÍ SPIORADÁLTA**
**Roghnaigh bean amháin i gceann ar bith de na catagóirí thuas agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar chuir sí le traidisiún reiligiúnach.**
**Bain úsáid as gach ceann de na ceannteidil seo a leanas:**

**ii. Ceisteanna do mhuintir an lae inniu arna spreagadh ag a saol agus a cuid oibre. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an méid a chuir bean le traidisiún reiligiúnach trí eolas cruinn a leagan amach ar an dá cheist do mhuintir an lae inniu arna spreagadh ag saol agus obair mná, ó cheann ar bith de na catagóirí atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Bunaitheoirí Ord Rialta e.g. D'fhéadfadh Nano Nagle — muintir an lae inniu a spreagadh le smaoineamh faoi theagmháil a dhéanamh le daoine bochta atá ina gcónaí i slumaí etc.; conas tiomantas a thaispeáint do chreideamh reiligiúnach etc.
- Scríbhneoirí Reiligiúnacha e.g. scríbhneoireacht Joyce Rupp – d'fhéadfadh sí a chur ina luí ar mhuintir an lae inniu smaoineamh ar ghuí agus ar bhealaí chun an spioradáltacht a thabhairt isteach ina saol laethúil etc.
- Leasaitheoirí Sóisialta e.g. Dorothy Day — d'fhéadfadh sí a chur ina luí ar mhuintir an lae inniu cónaí i saol reiligiúnach an-tiomanta i gcroílár chastachtaí an tsaoil nua-aimseartha; conas maireachtáil i ndlúthpháirtíocht leis na boicht agus leis na daoine imeallaithe i sochaí an lae inniu etc.
- Smaointeoirí Spioradálta e.g. Naomh Caitríona de Siena — d'fhéadfadh sí a chur ina luí ar mhuintir an lae inniu Dia a chuardach agus smaoineamh faoi Dhia ar bhealach rúndiamhair etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

## ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA

**Freagair a) agus b).**

**3 H a) Déan próifíliú ar an gcaoi ar féidir tionchar an Bhíobla a fheiceáil i sampla amháin de cheann ar bith díobh seo a leanas: ● BUNREACHTANNA/FORÓGRAÍ SAOIRSE ● ÓRÁIDÍ CÁILIÚLA ● DEARBHÚ UILECHOITEANN CHEARTA AN DUINE 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an mBíobla mar théacs clasaiceach trína rianú go beacht an chaoi ar féidir tionchar an Bhíobla a fheiceáil i sampla amháin de cheann ar bith díobh seo a leanas: bunreachtanna agus forógraí saoirse *nó* óráidí cáiliúla *nó* dearbhú uilechoiteann chearta an duine.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- e.g. Bhí tionchar ag teagasc fáidhiúil agus ag an Tiomna Nua maidir le cearta an duine ar Fhorógra Saoirse Mheiriceá — trí na focail 'tá gach fear cothrom' agus 'tá cearta doshannta áirithe bronnta ag a gcruthaitheoir orthu' etc.
- e.g. thug Martin Luther King a óráid cháiliúil 'I have a Dream' ar bhealach fáidhiúil agus bhí tionchar ag brionglóid Íseáia faoi Eacsadas nua air etc.
- e.g. aithnítear sa chéad airteagal de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine 'dínit bhunúsach agus cearta cothroma agus doshannta' gach duine daonna, rud a léiríonn tionchar ó ráiteas Gheineasas go ndearnadh daoine in íomhá agus i gcosúlacht Dé agus Seanmóir Íosa ar an gCnoc etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 H b)** ● **LAOI BHUÍOCHAIS HANNÁ** (1 Samúéil 2:1-10)
● **IOSRAEL ATHBHUNAITHE** (Íseáia 52:13-53:12)
● **NA DEICH nAITHEANTA** (Eacsadas 20:1-21)
**Roghnaigh ceann amháin de na téacsanna thuas agus scrúdaigh a thábhacht sna Scrioptúir Eabhraise. Bain úsáid as gach ceann de na ceannteidil seo a leanas:**

**i. Cúlra/comhthéacs bunaidh an téacs. 20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar théacs lárnach ó Scrioptúir Eabhraise trí shúil ghéar a chaitheamh ar chúlra /chomhthéacs bunaidh ceann de na téacsanna atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Laoi Bhuíochais Hanná — is é scéal bhreith Shamúéil comhthéacs Laoi Hanná; a cumadh i dtosach i gcomhthéacs éagsúil agus a cuireadh in oiriúint do Hanná, bean a bhí seasc a bhfuil Dia á moladh aici as bheith cumhachtach ach báúil do dhaoine gan chumhacht, rud a thabharfadh sólás do na hEabhraigh nuair a bhí siad faoi riail na bhFilistíneach etc.
- Iosrael Athbhunaithe — an ceathrú ceann i sraith amhrán searbhónta a aimsíodh i nDeotra-Íseáia a scríobhadh chun dóchas agus sólás a thabhairt do dheoraithe Giúdacha sa Bhablóin; scríofa ag deisceabal Íseáia; dán ina bhfuil tuairisc le focail Dé a thabharfadh sólás do na Giúdaigh faoina saoirsiú; léirítear Sailm olagóin ina theanga agus ina íomhá; léirítear gur féidir leis an bhfulaingt leorghníomh a dhéanamh as peacaí na ndaoine etc.

- *Na Deich nAitheanta* — Deich nAitheanta a fuarthas mar fhocail ó Dia chuig Maois a léiríonn dualgais Chúnant Dé le muintir Iosrael ag Síonáí; an tsraith is ginearálta agus is cuimsithí dlíthe i Scrioptúr Eabhraise etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**3 H b)** ● **LAOI BHUÍOCHAIS HANNÁ (1 Samúéil 2:1-10)**
● **IOSRAEL ATHBHUNAITHE (Íseáia 52:13-53:12)**
● **NA DEICH nAITHEANTA (Eacsadas 20:1-21)**
**Roghnaigh ceann amháin de na téacsanna thuas agus scrúdaigh a thábhacht sna Scrioptúir Eabhraise. Bain úsáid as gach ceann de na ceannteidil seo a leanas:**

**ii. Ról an téacs san adhradh sa lá atá inniu ann.** **20M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar théacs lárnach ó Scrioptúir Eabhraise trí shúil ghéar a chaitheamh ar ról cheann de na téacsanna atá liostaithe sa cheist san adhradh.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Laoi Bhuíochais Hanná – arna húsáid san urnaí etc.
- Úsáidtear Iosrael Athbhunaithe i liotúirgí na hEaglaise Caitlicí Rómhánaí ar Aoine an Chéasta den tSeachtain Bheannaithe nuair a dhírítear san adhradh ar fhulaingt Chríost ina phaisean etc.
- Na Deich nAitheanta – móitíf sionagóige; cód morálta etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

## ROINN I REILIGIÚN: TAITHÍ NA HÉIREANN

**Freagair a) agus b).**

**3 I a) Tabhair breac-chuntas ar an bhfianaise de chreideamh reiligiúnach réamh-Chríostaí atá le fáil in áit amháin in Éirinn sa lá atá inniu ann.** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar Éirinn réamh-Chríostaí trí fhaisnéis chruinn a thabhairt ar fhianaise ar chreideamh reiligiúnach réamh-Chríostaí atá le feiceáil in áit amháin in Éirinn sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Toibreacha beannaithe e.g. mar go bhféachtar ar uisce mar ní a thugann beatha, bhí áiteanna beannaithe ag Ceiltigh na hÉireann ón gcúigiú haois a bhain le fuaráin, le toibreacha agus le aibhneacha ag ar adhradh diachtaí áitiúla; tagann go leor logainmneacha sna háiteanna seo ón bhfocal 'tobar'.
- Sainaithníonn logainmneacha a dhíorthaíonn ó 'doire' áiteanna ina ndéantar adhradh ar dhiachtaí áitiúla; mar gheall go bhfuil crainn beo ceaptar go n-aontaíonn siad neamh, an domhan agus an fo-dhomhan agus go bhfuil spiorad iontu a léiríonn torthúlacht, athbhreith, etc.
- Bhí impleachtaí reiligiúnacha in Éirinn réamh-Chríostaí ag suíomhanna adhlactha mar gheall ar a mbaint le bás; mheas na Ceiltigh gur áiteanna beannaithe ab ea dumhaí adhlactha e.g. suíomhanna Ghleann na Bóinne etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 I b) Cuir patrún an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn sa lá atá inniu ann i gcomparáid le patrún atá le fáil i gcuid eile den Eoraip.** **40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar phatrúin an chleachtais reiligiúnaigh trí chuntas cruinn a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó na difríochtaí idir an chaoi a chleachtar creideamh reiligiúnach in Éirinn agus i gcuid eile san Eoraip sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Ceiliúrann daoine in Éirinn agus ar fud na hEorpa imeachtaí tábhachtacha sa saol le deasghnátha reiligiúnacha; e.g. ceiliúrtar 60% de ghnásanna túsghabhála; 70% de chéad phóstaí agus 80% de shochraidí i séipéal etc.
- Tá pátrún an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn cosúil le tíortha eile a bhíodh Caitliceach Rómhánach go traidisiúnta e.g. an Pholainn agus Málta, etc.; guíonn go leor daoine in Éirinn inniu go laethúil agus glacann siad páirt i liotúirgí etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN J REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

**Freagair a) agus b).**

**3 J a) Mínigh an chaoi a mbaineann ceisteanna áirithe le cúrsaí reiligiúin agus eolaíochta araon, agus luaigh samplaí. 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar thionscnaimh dhiagachta agus eolaíochta trí eolas cruinn a leagan amach ar dhá shampla den chaoi a mbaineann ceisteanna áirithe le cúrsaí reiligiúin agus eolaíochta araon.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Feidhmíonn an eolaíocht agus an diagacht araon as pobal fiosrúcháin atá tiomanta don fhírinne a aimsiú; tá ról tábhachtach ag ceistiú ina bhfiosrúcháin mar go bhfreagraíonn eolaíocht ceisteanna 'conas' agus go bhfreagraíonn reiligiún ceisteanna 'cén fáth'; faigheann an dá phobal fiosrúcháin eolas ó chríonnacht charntha an am atá caite etc.
- Áirítear le ceisteanna a bhaineann le cúrsaí reiligiúin agus eolaíochta araon ceisteanna maidir le bunús/an tús – cosmeolaíocht (staidéar ar bhunús agus struchtúr éabhlóidithe na cruinne ábharaí, conas ar thosaigh sé go léir agus cad a tharlóidh di sa todhchaí) agus teagasc chruthú an domhain (labhraíonn sé ar an gcruinne mar chruthú Dé) etc.
- Áirítear le ceisteanna a bhaineann le cúrsaí reiligiúin agus eolaíochta araon ceisteanna faoi chlabhsúir/chríocha – a bhfuil in ann don domhan nádúrtha agus don eascaiteolaíocht (teagasc reiligiúnach ar thodhchaí an domhain agus plean Dé don rud deiridh atá i ndán don duine) etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 J b) Tabhair breac-chuntas ar na hábhair imní ó réimsí an reiligiúin agus na heolaíochta araon a phléitear i ndíospóireachtaí comhaimseartha ar cheann amháin de na saincheisteanna seo a leanas: ● BUNÚS NA CRUINNE ● TÚS NA BEATHA 40M**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar na naisc idir an eolaíocht agus an diagacht trí fhaisnéis chruinn a thabhairt ar na hábhair imní ó réimsí an reiligiúin agus na heolaíochta araon a phléitear i ndíospóireachtaí comhaimseartha ar cheann amháin de na topaicí atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Bunús na cruinne – tá suim diagairí agus eolaithe i mbunús tiomanta ag an ngá le tuiscint a fháil ar cé muid féin; téann léargais an reiligiúin i ngleic le himní faoi áit daoine sa chruthúnas e.g. cruthaíochtachas; éiceolaíocht Teillard de Chardin; téann léargais na heolaíochta i ngleic leis an gcaoi ar tháinig an chruinne ina bheatha agus céard a tharlóidh don chruinne sa todhchaí e.g. an Ollphléasc etc.
- Tús na beatha – cruthaíonn léargais ar chur chuige reiligiúnach amhras ar an gcreideamh go bhfuil an duine ann i ngaol leis an diagaire; tugann siad aghaidh ar ábhair imní a bhaineann leis an eitic leighis; tugann léargais na heolaíochta fíricí faoi chéimeanna féatais san fhorbairt shuthach; téitear i ngleic le buarthaí faoin saol mar a thosaíonn an bheatha; ardaíonn dul chun cinn san eolaíocht le gairid ceisteanna maidir le treoir dhaonna na cruthaíochta, e.g. beatha a chruthaítear go saorga, clónáil, beatha géinathraithe, eotanáis, etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

***Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge***

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

*Tábla I*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

Iomlán: 320 Gnathráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

*Maidir lena bhfuil á mheas sna Critéir Mharcála Ghnáthleibhéil do gach ceist —*

| *Tuairiscín na Ceiste* | **SÁRMHAITH** | **AN-MHAITH** | **GO MAITH** | **RÉASÚNTA** | **LAG** | **AN-LAG** | **GAN AON GHRÁD** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **FIANAISE SA FHREAGRA AR AIDHMEANNA /CHUSPÓIRÍ /THORTHAÍ AN TSIOLLABAIS** | FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE AN-MHAITH | FIANAISE MHAITH | FIANAISE LEORDHÓTHANACH | FIANAISE NEAMHLEOR | BEAG FIANAISE | FÍORBHEAGÁN FIANAISE/ GAN AON FHIANAISE |
| **BAINT AN FHREAGRA LEIS AN GCEIST** | BAINT IOMLÁN AGUS SHOILÉIR | BAINT SHOILÉIR | BAINT GHINEARÁLTA | BAINT THEORANTA | BEAGÁN BAINTE | FÍORBHEAGÁN BAINTE | GAN AON BHAINT |
| **CRUINNEAS** | GAN AON MHÓR-EARRÁID(Í) | FÍORBHEAGÁN FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | BEAG FIANAISE AR MHÓR-EARRÁID(Í) | ROINNT MÓR-EARRÁIDÍ | ROINNT MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | ROINNT AN-MHAITH MÓR-EARRÁIDÍ | MÓR- EARRÁIDÍ SUBSTAINTIÚLA |
| **FIANAISE AR GHABHÁIL DON SCIL (DO NA SCILEANNA)** | ÚSÁID SHÁRMHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID AN-MHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID MHAITH SCIL(EANNA) | ÚSÁID ÉIGIN AS SCIL(EANNA) | BEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | FÍORBHEAGÁN ÚSÁIDE AS SCIL(EANNA) | GAN AON ÚSÁID AS SCIL(EANNA) |

*Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2015 — S91/13.*
Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn F agus i Roinn G faoi seach thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar theideal amháin as Roinn F nó ar theideal amháin as Roinn G.

***ROINN F: CEISTEANNA CEARTAIS AGUS SÍOCHÁNA***

***F. 1 ● COINCHEAP NA N-IÚDACH DE 'IUBHAILE'***
***● CÚIG FHORAITHNE AN BHÚDA***
***● COINCHEAP NA N-IOSLAMACH DE 'LEASIONADAÍ AN DOMHAIN'***

**Taighde ar conas a spreagann ceann amháin díobh sin thuas baill de chuid reiligiúin dhomhanda chun dul i mbun feachtais i dtaca le saincheisteanna timpeallachta.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar chreideamh reiligiúnach trí fhéachaint go dlúth ar choincheap/fhoraithne atá liostaithe sa teideal agus conclúidí beachta a chur le chéile maidir leis an gcaoi a spreagann sé/siad baill de chuid reiligiúin dhomhanda gníomhú nó dul i mbun feachtais i dtaca le saincheisteanna timpeallachta.

***F. 2 ● AN CEARTAS MAR CHOTHROM NA FÉINNE***
***● AN CEARTAS MAR DHÍOLTAS***
***● AN CEARTAS AG SEASAMH LE CEARTA DAONNA***

**Meastóireacht ar phríomhláidreachtaí agus ar phríomhlaigí dhá cheann de na tuiscintí thuas ar an gceartas agus iad á gcur i bhfeidhm ar chás-staidéar ar leith.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar dhearcthaí éagsúla ar cheartas trí bhreith chruinn a dhéanamh ar an gcaoi a léiríonn cás-staidéar ar leith príomhláidreachtaí agus príomhlaigí dhá cheann de na tuiscintí ar an gceartas atá liostaithe sa teideal.

***ROINN G: ADHRADH, PAIDREOIREACHT AGUS DEASGHNÁTH***

***G.1 Is féidir cur síos a dhéanamh ar an duine mar 'phaidr-eoir'.***

**Déan scrúdú ar an bhfianaise a bhaineann leis an ráiteas seo i saolta daoine creidmheacha sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith meas ar an tábhacht a bhaineann le paidreoireacht i saol daoine trí fhéachaint go grinn ag an ról atá ag cumarsáid le Dia/déithe/diagaí i saol daoine creidmheacha sa lá atá inniu ann.

***G.2 ● DÍTHREABHACHT ● OILITHREACHT***
***● CÚRSA SPIORADÁLTA***

**Próifíl den bhunús atá ag ceann amháin de na cleachtais rinnfheithimh thuas agus scrúdú ar cén fáth go meallann an cleachtas seo daoine sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar chleachtas rinnfheithimh trí bhunús ceann de na cleachtais liostaithe sa teideal a rianú agus féachaint go grinn ar an bhfáth a bhfuil an traidisiún ábhartha agus coitianta i measc daoine sa lá atá inniu ann.

**Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach – Gnáthleibhéal**

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó imní.
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, tuiscint, scileanna agus dearcaí na ndaltaí, dé réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na rannóige atá ainmnithe don obair chúrsa.
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, anailís agus mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe.
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt.

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair an chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe. (Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí – CNCM leathanach 142). Ní mór do na hiarrthóirí obair chúrsa a chur isteach ar aon teideal amháin. Tá na teidil chéanna ag gabháil leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú. Más mian le hiarrthóirí an obair chúrsa a léiriú, is féidir é sin a dhéanamh sa spás bán ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

***Maidir lena bhfuil á mheas in Obair Chúrsa Ghnáthleibhéil: Cuid A – Achoimre ar an Iniúchadh ar Theideal Roghnaithe 2015***

| | ***Cuid A Tuairiscín:*** | **SÁRMHAITH** | **AN-MHAITH** | **RÉASÚNTA** | **LAG** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Fianaise ar chritéir mharcála do theidil 2015** *(eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas)* **Cód MC** | FIANAISE CHRUINN SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE MHAITH CHRUINN | FIANAISE ÉIGIN | FIANAISE BHOCHT/ GAN AON FHIANAISE |
| | | **40 > 33** | **32 > 25** | **24 > 17** | **16 > 0** |
| ***An tslí a ndéileáiltear le pointí socraithe i gCuid A.*** | **Foinsí eolais ar theideal 2015. Cód SI** | EOLAS SUBSTAINTIÚIL | EOLAS MAITH | EOLAS ÉIGIN | BEAGÁN EOLAIS/GAN AON EOLAS |
| | **Eolas ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh ar Theideal 2015** *(taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh)* **Cód SS** | EOLAS MIONSONRAITHE | EOLAS GINEARÁLTA | EOLAS AN-GHINEARÁLTA | BEAGÁN EOLAIS/GAN AON EOLAS |
| | **Achoimre ar thorthaí ar theideal 2015** *(an cumas chun – eolas a roghnú, agus anailís agus measúnú a dhéanamh air; eolas a shórtáil agus eagar a chur air; tuairimí a chur i láthair go gonta agus go héifeachtach)*<br><br>**Fianaise tacaíochta do chonclúidí a bhaintear.**<br><br>**Gabháil phearsanta le Teideal 2015. Cód SF** | • SAOTHAR AN-FHIÚNTACH.<br>• ACHOIMRE IOMLÁN AGUS ÁBHARTHA<br>• FIANAISE SHUBSTAINTIÚIL TACAÍOCHTA DO CHONCLÚIDÍ<br>• GABHÁIL PHEARSANTA SHUBSTAINTIÚIL LE TEIDEAL 2015 | • SAOTHAR FIÚNTACH.<br>• ACHOIMRE GHINEARÁLTA<br>• FIANAISE MHAITH TACAÍOCHTA DO CHONCLÚIDÍ<br>• GABHÁIL PHEARSANTA SHOILÉIR LE TEIDEAL 2015 | • SAOTHAR IMLEOR<br>• ACHOIMRE THEORANTA<br>• FIANAISE TACAÍOCHTA ÉIGIN DO CHONCLÚIDÍ<br>• GABHÁIL PHEARSANTA ÉIGIN LE TEIDEAL 2015 | • SAOTHAR BEAGBHRÍOCH/NEAMHÁBHARTHA.<br>• ACHOIMRE BHOCHT/GAN ACHOIMRE<br>• BEAGÁN/GAN FIANAISE TACAÍOCHTA DO CHONCLÚIDÍ<br>• GABHÁIL PHEARSANTA NEAMHLEOR/GAN AON GHABHÁIL PHEARSANTA LE TEIDEAL 2015 |

***Cuid B – Machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim, ar na scileanna agus ar na heispéiris a baineadh amach trí obair chúrsa a dhéanamh ar Theideal Roghnaithe 2015***

| Cuid B Tuairiscín: | SÁRMHAITH | GO-MAITH | AN-MHAITH | RÉASÚNTA / LAG |
|---|---|---|---|---|
| ***Fianaise ar chritéir mharcála do theidil 2015*** *(eolas; tuiscint; scileanna; dearcthaí mar a bhaineann siad leis an siollabas)* **Cód MC** | FIANAISE CHRUINN SHUBSTAINTIÚIL | FIANAISE MHAITH CHRUINN | FIANAISE ÉIGIN | FIANAISE BHOCHT/ GAN AON FHIANAISE |
| | **40 > 33** | **32 > 25** | **24 > 17** | **16 > 0** |
| ***An tslí a ndéileáiltear le ceisteanna socraithe i gCuid B*** — **ÚSÁID SCILEANNA** ar Theideal 2015 *(taighde; anailís; measúnú; smaointeoireacht chriticiúil; cumarsáid; machnamh, breithiúnas, measúnú).* **Cód S** | ÚSÁID SHUBSTAINTIÚIL SCILEANNA | ÚSÁID SHOILÉIR SCILEANNA | ÚSÁID IMLEOR SCILEANNA | ÚSÁID NEAMHLEOR/GAN AON ÚSÁID SCILEANNA |
| Cén fáth a raibh teideal 2015 ina **ÁBHAR SPÉISE**? (díograis / imní) **Cód I** | SAOTHAR AN-FHIÚNTACH MÍNIÚCHÁN MIONSONRAITHE SPÉIS PHEARSANTA SHOILÉIR | SAOTHAR FIÚNTACH MÍNIÚCHÁN GINEARÁLTA SPÉIS PHEARSANTA ÉIGIN | SAOTHAR BREÁ SPÉIS PHEARSANTA ÁBHARTHA NEAMHLEOR | SAOTHAR BEAGBHRÍOCH/ AN-BHEAGBHRÍOCH BEAGÁN ÁBHARTHACHTA/ GAN AON ÁBHARTHACHT SPÉIS PHEARSANTA |
| Cé na **PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA** ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa á déanamh ar theideal roghnaithe 2015? **Cód P** | SAINAITHINT SHUBSTAINTIÚIL AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT SHOILÉIR AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | SAINAITHINT ÉIGIN AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ | BEAGÁN SAINAITHEANTA/ GAN AON SAINAITHINT AGUS PEIRSPICTÍOCHTAÍ DIFRIÚLA A CHOTHROMÚ |
| Cé na **CEISTEANNA** a tháinig chun cinn agus obair chúrsa á déanamh ar theideal 2015? **Cód Q** | SAINAITHINT SHUBSTAINTIÚIL CEISTEANNA | SAINAITHINT SHOILÉIR CEISTEANNA | SAINAITHINT ÉIGIN CEISTEANNA | BEAGÁN SAINAITHEANTA CEISTEANNA/GAN AON SAINAITHINT CEISTEANNA |
| Cé na **LÉARGAIS PHEARSANTA** a gnóthaíodh as obair chúrsa a dhéanamh ar theideal 2015? **Cód PI** | CUR SÍOS MIONSONRAITHE MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA SHUBSTAINTIÚIL | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA SHOILÉIR | CUR SÍOS GINEARÁLTA MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA IMLEOR | BEAGÁN CUR SÍOS/GAN AON CHUR SÍOS MAR AON LE GABHÁIL PHEARSANTA NEAMHLEOR/GAN GABHÁIL PHEARSANTA |
| Cad a bhí ar an ngné ba **LUACHMHAIRE** d'obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal? **Cód V** | MEASÚNÚ SUBSTAINTIÚIL LENA MBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ MAITH LENA mBAINEANN LUACH | MEASÚNÚ ÉIGIN LENA mBAINEANN LUACH | BEAGÁN MEASÚNAITHE/ GAN AON MHEASÚNÚ SUBSTAINTIÚIL LENA mBAINEANN LUACH |

Leathanach Bán